**RABHADH**
**CAITHFEAR an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN 15 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30–12:30**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre** cheist as **ROINN 3** mar seo a leanas:
Ceist **Amháin** as **Cuid 1**,
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
**agus** ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 1
**(80 marc)**
## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Ná déan dearmad an ceistpháipéar seo a chur ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó a bhaineann le dlí na gconarthaí atá i **gColún 1**. Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i **gColún 2**.
(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí seo.*)

| **Colún 1: Téarmaí** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| **1.** Sainchomhlíonadh | **A.** Tá roinnt conarthaí ann nach mór a bheith i scríbhinn le go mbeidís bailí de réir dlí. |
| **2.** Dlíthiúlacht foirme | **B.** Bealach chun conradh dlíthiúil a fhoirceannadh. |
| **3.** Comhlíonadh | **C.** Rud éigin a bhfuil luach leis a mhalartú go frithpháirteach i gconradh. |
| **4.** Comaoin | **D.** Roghnaíonn gach aon pháirtí an conradh a dhéanamh go deonach. |
| **5.** Inniúlacht | **E.** Réiteach ar shárú conartha. |
| | **F.** An ceart dlíthiúil conradh a dhéanamh. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** | **5.** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** Cuir ciorcal thart **ar an rogha cheart** i gcás gach ráiteas díobh seo a leanas.

(i) Maidir le gnó Trádálaí Aonair, ***bíonn sé ann go leanúnach / déanann bás an úinéara difear dó.***

(ii) **Is féidir / Ní féidir** scaireanna CPT a bheith luaite ar an stocmhalartán.

(iii) I gcomhaontú Saincheadúnais, íoctar táille leis an ***saincheadúnaí / saincheadúnóir.***

(iv) I gComharchumann, bíonn cearta vótála na gcomhaltaí ***ag brath ar a scair-úinéireacht / bíonn siad cothrom.***

(v) ***Is eintiteas dlíthiúil ar leith / Ní eintiteas dlíthiúil ar leith*** í comhpháirtíocht.

**3.** I gcomhthéacs an ghnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní). Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann chuige sin.

| | |
|---|---|
| CGFÉ (*IBEC*) | |
| CNG (*ICTU*) | |
| GBMÉ (*ISME*) | |
| FAÉ (*IFA*) | |
| CTÉ (*CAI*) | |

**4.** Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | **Ráitis** | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|
| **1.** | Cáin ar earraí a iompórtáiltear ó lasmuigh den Aontas Eorpach is ea Dleacht Chustam. | |
| **2.** | Gearrtar Cáin Chorparáide ar an mbrabús a dhéanann gach gnólacht in Éirinn. | |
| **3.** | Tugtar P45 d'fhostaithe nuair a chuirtear deireadh lena gcuid fostaíochta. | |
| **4.** | De bharr creidmheasanna cánach a bheith ann, laghdaítear an méid den Mhuirear Sóisialta Uilíoch a bhíonn le híoc. | |
| **5.** | Gearrtar Cáin Fháltas Chaipitiúil ar an mbrabús a dhéantar ar dhíol sócmhainní. | |

**5.** Déan staidéar ar an réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid thíos agus líon isteach na figiúirí a seasann na litreacha A, B, C, D agus E dóibh.

Réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid i gcomhair Intenso Teo., don 3ú ráithe de 2017

| | **Iúil (€)** | **Lúnasa (€)** | **Meán Fómhair (€)** | **Iomlán (€)** |
|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na bhFáltas** | 20,000 | **A=** | 12,000 | 57,000 |
| **Iomlán na nÍocaíochtaí** | 14,000 | 17,000 | 15,000 | 46,000 |
| **Airgead Glan** | 6,000 | 8,000 | **B=** | **C=** |
| **Airgead Tosaigh** | 5,000 | 11,000 | 19,000 | **D=** |
| **Airgead Deiridh** | 11,000 | 19,000 | 16,000 | **E=** |

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh is féidir le gnólacht a úsáid chun drochfhiacha a íoslaghdú.

(i) ______________________________

______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

______________________________

**7.** (a) Mínigh an téarma **Gnólacht Domhanda**.

______________________________


______________________________

______________________________

(b) Ainmnigh **dhá** shampla de Ghnólachtaí Domhanda.

(i) ____________________ (ii) ____________________

**8.** (a) Léigh an chairt mheá ar mheá thíos agus sainaithin na lipéid iomlána (ní na giorrúcháin) le haghaidh A, B, C agus D.




**Bosca na bhFreagraí**

| | **An Lipéad Iomlán** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | |

(b) Ríomh an Lamh áil Sábháilteachta ag 75,000 aonad. Mínigh céard é.

| **Do chuid oibre** | **Míniúchán** |
|---|---|
| | |
| **Freagra**: | |

**9.** (a) Mínigh ról an Choimisiúin Eorpaigh.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

(b) Ainmnigh an **dá** phríomhinstitiúid chinnteoireachta eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

(i) ________________________________ (ii) ________________________________

**10.** Tabhair breac-chuntas ar an rud a thuigeann tú leis na téarmaí **ráta boilscithe** agus **ráta úis**.

**Ráta boilscithe** ________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Ráta úis** ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN BhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

# ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 4, 5 agus 6.**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**



**Pictiúrlann an Pháláis Teo.**

Bhunaigh Pól Ó Murchú Pictiúrlann an Pháláis Teo. i mbaile in iarthar na hÉireann in 1967. Tá dhá scáileán sa phictiúrlann agus tá sí suite i bhfoirgneamh mór ar an bpríomhshráid. Chuir an phictiúrlann fostaíocht ar fáil do dheichniúr san am atá caite ach tháinig laghdú ar an líon sin nuair a thug an Rialtais isteach an t-íosphá náisiúnta i gCáinaisnéis na bliana 2000. Nuair a rinneadh athchóiriú ar an áitreabh gnó, rinneadh an córas teasa a nuashonrú chun tionchar na 'Cánach Carbóin' a tugadh isteach i gCáinaisnéis na bliana 2009 a laghdú. Bhí titim tar éis teacht ar dhíolachán ticéad le blianta beaga anuas mar gheall ar bhreis iomaíochta ó il-phictiúrlann mhór lonnaithe ar imeall an bhaile agus mar gheall ar an bhfás atá tagtha ar sholáthraithe scannán ar líne mar Netflix. Chuaigh Pól ar scor in 2015 agus ceapadh a iníon Siobhán mar Stiúrthóir Bainistíochta. Thuig Siobhán an gá a bhí le hoiriúnú agus deiseanna nua a fhorbairt má bhí an chuideachta le fanacht beo sa todhchaí. Rinne sí cúrsa gnó a chuir an Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) ar fáil agus meaitseáladh le duine taithíoch gnó í.

Le cabhair óna meantóir, thuig Siobhán nach bhféadfadh sí dul in iomaíocht leis an il-phictiúrlann 9 scáileán a bhí ag tairiscint na scannán ba dhéanaí a bhí ag teacht amach. Fuair Siobhán spreagadh ón taighde margaidh a rinne sí agus d'aithin sí bearna sa mhargadh i gcomhair scannáin ilchultúrtha agus scannáin idirnáisiúnta. Bhunaigh sí club scannán ar thug sí 'Cairde an Pháláis' air a thaispeánfadh scannáin idirnáisiúnta, ag díriú orthu siúd a raibh an-tóir acu ar scannáin agus a thabharfadh deis do lucht féachana ó gach aoisghrúpa scannáin as gach áit sa domhan a fheiceáil. Bhí cur chuige solúbtha aici maidir le praghsáil. Bhí sé de rogha ag baill síntiús a íoc don séasúr ar rátaí laghdaithe nó íoc ar an scannán de réir na hoíche. Rinne sí suíomh gréasáin na pictiúrlainne a nuashonrú le go mbeadh custaiméirí ábalta áirithint a dhéanamh, agus íoc as, ar líne. Faigheann na baill nuachtlitir sa ríomhphost uair sa mhí ina mbíonn naisc chuig réamhbhlaiseadh de na scannáin a bheadh ag teacht. Thug sí isteach córas cártaí dílseachta dóibh siúd a roghnaigh íoc ar an oíche, chun athcheannach a spreagadh. Bhí an-rath ar an gclub scannán agus tá an bhallraíocht ag fás i gcónaí.



Féile Scannán James Bond 2017

In 2017, chun Pictiúrlann an Pháláis a chomóradh agus í 50 bliain ar an bhfód, socraíodh féile scannán a reáchtáil le linn deireadh seachtaine na saoire i mí an Mheithimh. Thionóil Siobhán cruinniú tobsmaointe leis an bhfoireann agus mhol siadsan téama James Bond don fhéile, ó tharla gurbh é *You Only Live Twice* an chéad scannán a taispeánadh sa phictiúrlann i 1967. Chuir Siobhán buiséad ar fáil don fhéile scannán agus chuir sí dhá fhoireann le chéile, ceann amháin chun an clár na féile a eagrú agus na ceardlanna scannán a chruthú, agus an ceann eile chun a bheith freagrach as margaíocht agus as airgeadas na féile. Shocraigh Siobhán oiliúint sna scileanna a bhaineann le hoibriú mar fhoireann agus le tascanna a bhainistiú go héifeachtach. Ghlac an fhoireann a bhí freagrach as clár na féile leis an deis agus thug siad cuireadh d'aoichainteoirí as an Ríocht Aontaithe chun na fuaimrianta agus na prapaí a úsáideadh sna scannáin éagsúla a phlé. Fuair an fhoireann mhargaíochta agus airgeadais deontas substaintiúil faoi 'Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte' an Rialtais agus d'éirigh leo gnólachtaí áitiúla a mhealladh chun urraíocht a dhéanamh ar na himeachtaí. D'éirigh thar barr le Féile Scannán agus tá an Comhlachas Tráchtála áitiúil ag iarraidh go mbeadh ceann ann go rialta.

**(A)** Déan cur síos ar an gcaoi a rialaíonn **agus** a spreagann an Rialtas an gnó, agus tagairt agat do Phictiúrlann an Pháláis Teo. (20 marc)

**(B)** Déan anailís ar na slite a dtéann athruithe ar riachtanais an chustaiméara i bhfeidhm ar **chumasc margaíochta** Phictiúrlann an Pháláis Teo. (30 marc)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas achomair ar an difríocht idir 'bainisteoir **rialtóra**' and 'bainisteoir **éascaitheora**'.
(ii) Déan measúnú ar chur chuige Shiobhán maidir le Féile Scannán James Bond 2017 a bhainistiú.

(30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3

**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

**(A)** (i) Mínigh an téarma **caidreamh comhoibritheach** idir na páirtithe leasmhara sa ghnó.
(ii) Déan cur síos ar shampla **amháin** de chaidreamh comhoibritheach a d'fhéadfadh a bheith ann idir **gach** péire de na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- Fostóir agus fostaí
- Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht
- Táirgeoir agus tomhaltóir. (20 marc)

**(B)** Déan measúnú ar **idirbheartaíocht**, **idir-réiteach** agus **eadráin** mar mhodhanna chun coinbhleacht thionsclaíoch san ionad oibre a réiteach. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



*Thréig Leictreonaic Samsung an fón cliste Galaxy Note 7 tar éis do chustaiméirí a thuairisciú go raibh baol ann go rachadh cadhnraí an fhóin trí thine.*

***Foinse: curtha in oiriúint ón Irish Independent*, Deireadh Fómhair 2016**

(i) Ainmnigh an t-acht a thugann cosaint do thomhaltóirí a cheannaigh an Samsung Galaxy Note 7.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoráil san acht maidir le cearta reachtúla (dlíthiúla) tomhaltóra i dtaca leis an Samsung Galaxy Note 7. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre**

**Ceist 2**

**(A)** Déan plé ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí san earnáil threasach (seirbhísí) in Éirinn. (15 mharc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma **cód eitice**.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** ar na dúshláin do gnólacht a bhaineann le cód eitice a thabhairt isteach. (20 marc)

**(C)**

*Dúirt Micheál Ó Laoire, ceannasaí Ryanair, go raibh an pobal 'á gcoinneáil ina ngialla' ag an bhfoireann i mBus Átha Cliath agus gur chóir an tseirbhís bus agus iarnróid a phríobháidiú.*

**Foinse: *The Irish Times*, Meán Fómhair 2016**

(i) Sainmhínigh an téarma **príobháidiú**.
(ii) Déan measúnú ar bhuntáistí **agus** ar dhúshláin an phríobháidithe do gheilleagar na hÉireann. (25 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Idirnáisiúnta**

**Ceist 3**

*Tá geilleagar na hÉireann 'ag feidhmiú go maith' ach is bagairt é Brexit.*
***Foinse: Financial Times*, Nollaig 2016**

**(A)** Easpórtálacha Dofheicthe: €101,750 milliún
Easpórtálacha Iomlána: €194,366 milliún

Iompórtálacha Dofheicthe: €109,376 milliún
Iompórtálacha Iomlána: €171,534 milliún

(i) Déan **Comhardú na Trádála** a ríomh agus na figiúirí thuas á n-úsáid agat. **(Taispeáin do chuid oibre.)**

(ii) Sainmhínigh an téarma **taraif** agus mínigh an tslí a bhféadfadh dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann dá ngearrfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe taraif ar earraí Éireannacha san am atá le teacht. (25 marc)

**(B)** Déan plé ar na bealaí dáileacháin éagsúla a d'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha a chur san áireamh nuair a bhíonn a gcuid táirgí á seoladh acu ar mhargaí idirnáisiúnta. (15 mharc)

**(C)** Ar cheart go bhfágfadh Éire an tAontas Eorpach? Tabhair breac-chuntas ar na fáthanna le do fhreagra.
(20 marc)
**(60 marc)**



# ROINN 3


## Cuid 2

## Fiontraíocht

**Fiontraíocht / Bainistíocht**

**Ceist 4**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.



Na deartháireacha Patrick agus John Collison, as Luimneach a bhunaigh **Stripe**, an gnólacht íocaíochtaí ar líne atá ag fás go tapa, nuair nach raibh siad ach 22 agus 19 mbliana d'aois. Cuireann Stripe ar chumas suíomhanna gréasáin íocaíochtaí le cártaí creidmheasa agus cártaí dochair a ghlacadh. Tá níos mó ná 600 duine fostaithe ag an ngnólacht ar fud an domhain agus is fiú níos mó ná $9b é.

***Foinse: curtha in oiriúint ó www.siliconrepublic.com agus The Irish Times***

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na tréithe/scileanna a shamhlófá le fiontraithe. (20 marc)

**(B)** Mínigh na buntáistí a bhaineann gnólacht as bainisteoir atá ina c(h)umarsáidí éifeachtach a bheith aige. (20 marc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.

Teach maorga is ea Mainéar Bective atá ar fáil le haghaidh searmanais phósta agus bainiseacha. Le gairid, thosaigh sé ag úsáid Twitter agus Facebook chun margaíocht a dhéanamh ar a chuid seirbhísí. Déantar sonraí na gcustaiméirí a stóráil i mbunachar sonraí. Tá ról breise, mar Oifigeach Cosanta Sonraí, tugtha d'Eimear Ní Cheallaigh, an Bainisteoir Margaíochta.

Ón eolas atá agat ar **na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**, dréachtaigh **tuairisc** ó Eimear Ní Cheallaigh chuig an Stiúrthóir Bainistíochta, Risteard Ó Dálaigh, a thugann breac-chuntas ar oibleagáidí Mhainéar Bective dá gcustaiméirí maidir le cosaint sonraí. (Úsáid dáta an lae inniu.) (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 5**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair an cheist ina dhiaidh.



In 2015, nocht an chuideachta Shlóvacach AeroMobil fréamhshamhail dá AeroMobil 3.0 – carr ar féidir leis eitilt. Is feithicil atá réidh chun bóthair é agus a bhfuil sciatháin infhillte uirthi. Is féidir léi a bealach a dhéanamh trí thrácht na cathrach agus tríd an aerspás.

***Foinse: Forbes Magazine,* Márta 2015**

**(A)** Déan cur síos ar na céimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua chomh fada le forbairt fréamhshamhla (**agus forbairt na fréamhshamhla san áireamh**). Déan tagairt don fheithicil AeroMobil 3.0 i do fhreagra. (25 marc)

**(B)** Mínigh na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn táirge á dhearadh. (15 mharc)

**(C)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchodanna a bhíonn i bplean gnó.
(ii) Mínigh an tábhacht atá le plean gnó do **dhá** pháirtí leasmhara éagsúla. (20 marc)

**(60 marc)**

## Bainistíocht

### Ceist 6

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na luachanna saothair a úsáidtear chun fostaithe a spreagadh. (15 mharc)

**(B)** Gnólacht dearaidh ghrafaigh is ea Dearadh Cónochta Teo.

Ó na figiúirí atá tugtha thíos do **2016**, déan iad seo a leanas a **ríomh** do Dhearadh Cónochta Teo.:
(**Taispeáin do chuid oibre.**)

(i) Corrlach an Ghlanbhrabúis
(ii) Cóimheas Reatha
(iii) Toradh ar infheistíocht
(iv) Cóimheas Fiachais/Cothromais

| **Dearadh Cónochta Teo. : Eolas do 2016** | |
|---|---|
| Díolacháin | €200,000 |
| Glanbhrabús | €30,400 |
| Sócmhainní Reatha | €20,000 |
| Fiachais Reatha | €16,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal Eisithe | €300,000 |
| Iasacht Fhadtéarmach | €400,000 |
| Tuilleamh Coimeádta | €60,000 |

| **Dearadh Cónochta Teo. :Torthaí 2015** | |
|---|---|
| Corrlach an Ghlanbhrabúis | 20.5% |
| Cóimheas Reatha | 2:1 |
| Toradh ar Infheistíocht | 8% |
| Cóimheas Fiachais/Cothromais | 0.7:1 |

(20 marc)

**(C)** (i) Déan anailís ar bhrabúsacht **agus** ar leachtacht Dhearadh Cónochta Teo. in 2016, agus tú ag tagairt do thorthaí 2015 a thaispeántar sa bhosca thuas.

(ii) Ar chóir do Dhearadh Cónochta Teo. a ghnó a leathnú? Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** le do fhreagra.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** theorainn a bhaineann le cóimheasa a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chuntais deiridh gnólachta. (25 marc)

**(60 marc)**

**Tá CEIST 7 ar an gcéad leathanach eile**

## Bainistíocht /Gnó i nGníomh

### Ceist 7

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Éadaí Fantaisíochta Teo.**

Thug Amy Ní Chearúil faoi deara gur mionleaganacha d'éadaí daoine fásta mórán de na héadaí i gcomhair páistí atá ar fáil ar an margadh. D'aithin sí bearna sa mhargadh d'éadaí atá geal, dathannach agus spraíúil agus a dearadh go speisialta do pháistí. Bhunaigh sí **Éadaí Fantaisíochta Teo**. a bhfuil bonn dílis custaiméirí meallta aige in imeacht dhá bhliain. Cinntíonn a dearaí, uathúla ina n-úsáidtear fabraicí suaithinseacha compordacha, go seasann a cuid éadaí do pháistí amach i margadh plódaithe na n-éadaí do pháistí.



**(A)** (i) Mínigh an téarma **margadh nideoige** agus tú ag tagairt d'Éadaí Fantaisíochta Teo.
(ii) Léirigh na himpleachtaí do ghnólacht a bhaineann le bheith ag feidhmiú i margadh nideoige.
(20 marc)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** straitéis phraghsála a d'fhéadfadh bainisteoir margaíochta a chur san áireamh nuair a bhíonn praghas díolta táirge nó seirbhíse á shocrú.
(ii) Ainmnigh straitéis phraghsála **amháin** a bheadh oiriúnach do tháirge nó do sheirbhís de do rogha féin agus mínigh an chúis le do rogha straitéis phraghsála. (20 marc)

**(C)** Déan plé ar na tosca ba chóir do ghnólacht a chur san áireamh nuair a bhíonn foinse airgeadais á roghnú.
(20 marc)
**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3**

Leathanach Bán

Leathanach Bán